



Ardteistiméireacht 2020 Torthaí na nGrád Ríofa

Treoir Eolais do Scoláirí

CLÁR NA nÁBHAR

1.	Réamhrá	3
2.	Dátaí Tábhachtacha	3
3.	Conas Rochtain a Fháil ar Mo Chuid Torthaí	4
4.	An mbeidh an stádas céanna ag na Gráid Ríofa agus atá ag Scrúdú na hArdteistiméireachta?	5
5.	Conas amharc ar Mharcanna Céatadáin Measta a chuir an Scoil ar fáil	5
6.	Cad a dhéanfaidh mé má táim míshásta le mo Ghrád Ríofa?	5
7.	Conas a Gheobhaidh mé toradh m'Achomhairc	6
8.	An chúis go m'fhéidir nach bhfaigheadh roinnt scoláirí Gráid Ríofa in ábhar amháin nó níos mó.	6
9.	Ag déanamh staidéir taobh amuigh den scoil chun íosriachtanais iontrála nó riachtanais mháithreánaigh a shásamh	7
10.	Na Scrúduithe Ardteistiméireachta a reáchtálfar amach anseo a dhéanamh	8
11.	Sonraí na scrúduithe scríofa.	8
12.	Conas iarratas a dhéanamh chun na scrúduithe i mí na Samhna a dhéanamh	9
13.	Torthaí na nGrád Ríofa a chumasc le torthaí na Scrúduithe scríofa	9
14.	Dátaí do thorthaí na scrúduithe scríofa	9
15.	Tacaíocht agus Treoir atá ar fáil do Scoláirí nuair a fhaigheann siad a gcuid torthaí.	9
16.	Conas a Oibríonn Próiseas na nGrád Ríofa	10
17.	Cad is Caighdeánú Náisiúnta ann?	11
18.	An fáth nach féidir marcanna céatadáin measta na scoileanna a úsáid astu féin	11
19.	Foilsíú eolais maidir le sonraí an Phróisis Caighdeánaithe	12
20.	Athruithe a rinneadh ar an bPróiseas Caighdeánaithe	12
21.	Conas an théann an t-athrú sin i bhfeidhm ar an bpróiseas	13

Nóta Eolais - Gráid Ríofa 2020

TORTHAÍ AGUS SEIRHBÍSÍ ACHOMHAIRC

1. Réamhrá

Cuirtear treoir ghairid maidir le próiseas na ngrád ríofa ar fáil sa doiciméad seo agus conas a bhaineann sé le cohórt scoláirí na hArdteistiméireachta, Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agus na hArdteistiméireachta Feidhmí in 2020.

Nuair a bhí an cinneadh deacair á dhéanamh Scrúdú Ardteistiméireachta na bliana seo a chur siar agus córas nua na nGrád Ríofa a chur ina áit, chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna roimpi an córas ab fhearr ab fhéidir a fhorbairt chun torthaí a bheadh cothrom agus cruinn a chur ar fáil do scoláirí nuair nach raibh ar a gcumas Scrúdú na hArdteistiméireachta a dhéanamh an samhradh seo.

Bhí sé sin tábhachtach ionas go mbeadh deis ag scoláirí bogadh ar aghaidh lena saol agus go mbeadh ar a gcumas na torthaí sin a úsáid chun dul ar aghaidh chuig an bhfostaíocht, chuig an mbreisoideachas, chuig oiliúint agus printiseachtaí agus chuig an ardoideachas. Ní mór a admháil nach ionann an córas agus Scrúdú Ardteistiméireachta agus nach réiteach foirfe é. Mar sin féin, is é an rogha is fearr é a d'fhéadfaí a chur ar fáil. Is é an bealach is cothroime é chun dul i ngleic leis na tionchair a bhí ag easpa scolaíochta agus ag fadhbanna eile ar an Ardteistiméireacht de bharr Covid-19.

2. Dátaí Tábhachtacha

Tugtar breac-chuntas sa ghreille seo a leanas ar na dátaí tábhachtacha a bhaineann le próiseas thorthaí na nGrád Ríofa 2020.

7 Meán Fómhair	Eiseofar Torthaí na nGrád Ríofa don Ardteistiméireacht, do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agus don Ardteistiméireacht Fheidhmeach.
7 Meán Fómhair	Gheobhaidh scoláirí tairiscintí UCAS
11 Meán Fómhair	An chéad bhabhta tairiscintí ón Lár-Oifig Iontrála (CAO)
14 Meán Fómhair	Féadfaidh scoláirí rochtain a fháil ar a marc céatadán measta trí thairseach na scoláirí.
14 Meán Fómhair	An próiseas a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar achomharc ar oscailt do scoláirí trí thairseach na scoláirí ó 9.00 am.
16 Meán Fómhair	Dúnann an próiseas a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar achomharc ar 5.00 pm.
23 Meán Fómhair	An dara babhta tairiscintí ón Lár-Oifig Iontrála (CAO)
1 Deireadh Fómhair	An tríú babhta tairiscintí ón Lár-Oifig Iontrála (CAO)
8 Deireadh Fómhair	An ceathrú babhta tairiscintí ón Lár-Oifig Iontrála (CAO)

3. Conas Rochtain a Fháil ar Mo Chuid Torthaí.

Beidh torthaí phróiseas na nGrád Ríofa ar fáil ar 9.00 am ar an Luan an 7 Meán Fómhair. Is é seo an tráth is luaithe a fhéadfar na torthaí a chur ar fáil, ó tharla go mbaineann próisis dhiana agus dhaingne le Gráid Ríofa a tháirgeadh.

Fágfaidh sé sin dóthain ama ag scoláirí a rinne iarratas ar áit i gcoláiste tríd an CAO nó trí UCAS sa Ríocht Aontaithe don bhliain acadúil 2020/2021, mar go bhfuil an CAO agus UCAS araon toilteanach síneadh a chur lena n-amlíne chun freastal ar an bpróiseas nua seo.

Ceadóidh sé freisin do scoláirí dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus oiliúint chomh gar agus is féidir don am a mbeidís á dhéanamh sin dá mba rud é go ndéanfaí scrúduithe na hArdteistiméireachta a réachtáil mar is gnách.

Chun do Ghráid Ríofa a fháil, ní mór duit logáil isteach arís ar Thairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí ar www.gov.ie/leavingcertificate. Tá “Treoir Réamhthosaithe” ar fáil ar leathanach baile Thairseach na Scoláirí chun tú a threorú agus tú ag fáil rochtana ar do chuid torthaí agus ag cur ráitis ar na torthaí sin i gcló.

Scoláirí na hArdteistiméireachta/Ghairmchlár na hArdteistiméireachta – beidh ar do chumas amharc ar do chuid torthaí ar líne agus Ráiteas ar Thorthaí Sealadacha na nGrád Ríofa do Scrúdú na hArdteistiméireachta 2020 a íoslódáil agus a chur i gcló. Is é sin an t-aon bhealach chun cóip chrua de do chuid torthaí a fháil mar nach n-eiseofar cóip chuig scoileanna.

Scoláirí na hArdteistiméireachta Feidhmí – beidh ar do chumas amharc ar do ‘Ráiteas ar Thorthaí Sealadacha’ ina dtaispeánfar na creidiúintí a bhain tú amach. Eiseofar an ‘Tuairisc ar Chreidiúintí agus an Ráiteas ar Thorthaí Sealadacha’ iomlán chuig do scoil ar an 7 Meán Fómhair agus beidh an scoil i dteagmháil leat maidir leis sin.

Cé go bhféadfaidh tú amharc ar do chuid torthaí ar thairseach na scoláirí, ní bheidh an áis chun ráiteas ar thorthaí sealadacha a chur i gcló ar fáil duit.

Faoin dtráth seo ba cheart go mbeifeá cláraithe do na Gráid Ríofa trí Thairseach na Scoláirí a d’fhorbair an Roinn Oideachais agus Scileanna chun tacú le samhail na nGrád Ríofa. Murar chláraigh tú fós chun gráid ríofa a fháil agus más mian leat iad a fháil, cláraigh ar thairseach na scoláirí anois, le do thoil, ag www.gov.ie/leavingcertificate.

Is furasta clárú agus tá treoracha céim ar chéim sa ‘Treoir Réamhthosaithe’ chun tú a stiúradh tríd an bpróiseas sin. Chun an clárúchán a chríochnú, teastóidh na nithe seo a leanas uait: do Scrúduimhir, d’Uimhir Aitheantais Phearsanta (PIN – is é sin na chéad cheithre dhigit de do UPSP), d’uimhir fóin póca agus an seoladh ríomhphoist a úsáidfear chun cumarsáid a dhéanamh leat ag céimeanna níos déanaí de phróiseas na nGrád Ríofa.

Má tá tú díreach tar éis clárú anois agus más mian leat Gráid Ríofa a fháil, seol ríomhphost, le do thoil, chuig lcsupport2020@education.gov.ie agus deimhnigh gur mian leat Gráid Ríofa a fháil.

TABHAIR DO d'AIRE MURA CHLÁRAIGH TÚ CHUN GRÁID RÍOFA A FHÁIL, NÍL DO CHUID TORTHÁI CURTHA AR AGHAIDH CHUIG AN LÁR-OIFIG IONTRÁLA (CAO).

4. An mbeidh an stádas céanna ag na Gráid Ríofa agus atá ag Scrúdú na hArdteistiméireachta?

Meastar go bhfuil torthaí na hArdteistiméireachta ó aon bhliain ar leith comhionann leis na torthaí ó aon bhliain eile. Sin de bhrí go bhfuil na torthaí do gach bliain faoi réir próiseas caighdeánaithe náisiúnta trí na próisis mharcála a fheidhmíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit. I mbliana, tá fócas an phróiseas caighdeánaithe náisiúnta dírithe ar scoileanna a ailíniú le chéile ar fud caighdeán náisiúnta.

Trí réimse de chineálacha éagsúla eolais a bhailiú agus a úsáid, comhlánaíonn na foinsí éagsúla sonraí a chéile, chun an tacar torthaí is cruinne agus is cothroime a sholáthar taobh istigh de shrianta na sonraí atá ar fáil. De bhrí nach bhfuil na sonraí scoile cruinn ach amháin ag leibhéal na scoile, d'fhéadfadh sé go mbeadh na marcanna ríofa deiridh, agus dá réir sin na Gráid Ríofa, a chuirfear ar fáil do scoláirí, in aon ábhar agus ag aon leibhéal, níos airde nó níos ísle ná na meastacháin a chuir an scoil ar fáil. Cé go bhféadfaidh na meastacháin scoilbhunaithe bogadh suas nó síos, ní athrófar an rang-ord ranga a chuir an scoil ar fáil.

Tá an seasamh agus an stádas céanna ag na Gráid Ríofa leis na gráid a tugadh san Ardteistiméireacht roimhe seo agus a thabharfar inti amach anseo.

5. Conas amharc ar an marc céatadáin measta a chuir an scoil ar fáil

Athosclófar Tairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí ar an 14 Meán Fómhair ar a 9.00 am agus ligfear do scoláirí iarratas a dhéanamh ar rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta, na marcanna céatadáin a bronnadh orthu trí phróiseas na nGrád Ríofa san áireamh, agus beidh na sonraí seo soiléir dóibh láithreach bonn.

Ar an 14 Meán Fómhair freisin, beidh scoláirí ábalta rochtain a fháil ar na marcanna céatadáin measta a chuir a gcuid scoileanna ar fáil. D'fhéadfadh sé go mbeadh scoláirí ag iarraidh rochtain a fháil ar na sonraí sin má tá siad ag smaoineamh ar achomharc a dhéanamh i gcoinne an Ghráid Ríofa a fuair siad.

6. Cad a dhéanfaidh mé má táim míshásta le mo Ghrád Ríofa?

Beidh deis ag scoláirí atá míshásta leis na Gráid Ríofa a fhaigheann siad in ábhar amháin nó níos mó achomharc a dhéanamh. Is próiseas riaracháin a bheidh sa phróiseas achomhairc agus ní fhéadfaidh scoláirí achomharc a dhéanamh i gcoinne an eolas a chuir an scoil ar fáil ar a son mar go bhfuil an t-eolas imithe trí phróiseas ailínithe scoile agus trí phróiseas maoirseachta ag príomhoide na scoile cheana féin.

Féadfaidh scoláirí achomharc a chur isteach trí thairseach na scoláirí idir 9. am ar an Luan 14 Meán Fómhair agus 5. pm ar an gCéadaoin 16 Meán Fómhair. Níl aon táille i gceist chun achomharc a lorg ar ghrád ríofa.

Céim 1: Déanfar seiceálacha ar na foirmeacha a chomhlánaigh an scoil agus cinnteofar gur aistríodh a n t-eolas sa tslí cheart ó na foirmeacha chuig an córas bailithe sonraí.

Céim 2: Déanfar athbhreithniú freisin lena chinntiú gur glacadh leis na sonraí agus gur próiseáladh mar ba cheart iad sa phróiseas caighdeánaithe náisiúnta atá á reáchtáil ag an Roinn.

San áireamh sna seiceálacha ar shonraí, beidh seiceáil lena chinntiú gur coinníodh rang-ord an rang-grúpa don ábhar agus don leibhéal a glacadh sa phróiseas caighdeánaithe agus go bhfuil scoláirí a

chuir an scoil ar an marc scoilmheasta céanna san ábhar céanna ag fáil an mhairc ríofa céanna a bhronn an Roinn orthu.

Féadfaidh scoláirí nach bhfuil sásta le toradh an phróisis sin athbhreithniú a lorg ó Scrúdanóirí Neamhspleácha Achomhairc.

Tabharfar faoi Chéimeanna 1 agus 2 mar thoradh ar chéad iarratas an scoláire. Is próiseas ar leith a bheidh i gCéim 3 ar féidir le haon scoláire tús a chur leis mura bhfuil sé/ sí sásta le toradh an chéad achomhairc.

Féadfaidh scoláirí atá míshásta leis an bpróiseas achomhairc go fóill dul i muinín Oifig an Ombudsman, nó i gcás scoláirí atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, an tOmbudsman do Leanáí.

Féadfaidh scoláirí a cheapann nár próiseáladh a gcás i gceart gearán a dhéanamh leis an Ombudsman nó i gcás scoláirí atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, an tOmbudsman do Leanáí.

Beidh deis ag scoláirí atá míshásta go fóill le toradh phróiseas na ngrád ríofa scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta in 2020 a dhéanamh agus cuirfear tús leis na scrúduithe sin ar an 16 Samhain faoi réir comhairle sláinte poiblí. Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit sonraí breise maidir leis na scrúduithe sin ar fáil amach anseo. Gheobhaidh na scoláirí a dhéanfaidh na scrúduithe scríofa agus a ghlac leis an rogha Gráid Ríofa a fháil creidiúint don ghrád is airde idir an Grád Ríofa agus an scrúdú scríofa.

7. Conas a gheobhaidh mé toradh m'Achomhairc?

Cuirfear toradh an phróisis achomhairc tosaigh ar fáil trí thairseach na scoláirí. Cuirfear an dáta ar a n-eiseofar cinní achomhairc in iúl do na scoláirí ábhartha in am trátha.

8. An chúis nach bhfaighidh roinnt scoláirí Gráid Ríofa in ábhar nó in ábhair:

Cruthaíodh córas na ngrád ríofa chun go bhféadfadh an líon is mó is féidir den 61,000 scoláire i rang na hArdteistiméireachta in 2020 dul ar aghaidh chuig fostaíocht, breisoideachas agus oiliúint, nó chuig an ardoideachas ar bhealach atá cóir agus cothrom do gach scoláire.

Cuireann na príomhphrionsabail a bhaineann le hoibiachtúlacht, cothromas agus cothroime buntaca faoin gcóras. Ionas go ndéanfar córas na nGrád Ríofa a fheidhmiú go hionraic, agus lena chinntiú go gcaithfear go cothrom le gach scoláire, ní fhéadfar glacadh le marc céatadáin measta, bunaithe ar fhianaise atá iontaofa agus sásúil, ach amháin ó fhoinse chúí.

Tá dhá ghrúpa scoláirí ar leith ann a bhféadfadh sé nach raibh ar a gcumas Gráid Ríofa a fháil agus cuireadh é sin in iúl dóibh cheana féin le linn mhí Lúnasa 2020:

- scoláirí atá rollaithe san oideachas lánaimseartha ach a raibh staidéar á dhéanamh acu ar ábhar/ábhair bhreise taobh amuigh den scoil.
- scoláirí seachtracha nach raibh rollaithe san oideachas lánaimseartha agus a bhféachtar orthu mar fhoghlaimoirí taobh amuigh den scoil.

I gcásanna ina raibh scoláire ag freastal ar scoil, ach go raibh staidéar á dhéanamh ag an scoláire sin ar ábhar amháin nó níos mó taobh amuigh den scoil, iarradh ar phríomhoidí scoile gach iarracht a

dhéanamh marc céatadáin measta a chur ar fáil don ábhar/do na hábhair sin ar an gcoinníoll go raibh dóthain fianaise iontaofa ar fáil ó fhoinsé chuí.

Bhí ar fhoghlaimoirí taobh amuigh den scoil iarratas a dhéanamh díreach chuig OFGR chun Gráid Ríofa a fháil.

Nuair a measadh nárbh fhéidir Grád Ríofa a chur ar fáil in ábhar/ábhair, d'fhoghlaimoir taobh amuigh den scoil nó do scoláire a raibh staidéar á dhéanamh aige/aici ar ábhar taobh amuigh den scoil, chuaigh OFGR i dteagmháil leis an scoláire chun an cinneadh sin a chur in iúl dó/di.

Ainneoin na n-iarrachtaí go léir atá déanta ag scoileanna agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna Gráid Ríofa a chur ar fáil don líon is mó scoláirí is féidir, bhí roinnt bheag cásanna ann nach raibh aon fhianaise iontaofa ar fáil ina leith ó fhoinsé chuí chun tacú le Grád Ríofa in ábhar faoi leith.

I gcás nach bhféadfar Grád Ríofa a chur ar fáil, beidh deis ag scoláirí scrúduithe na hArdteistiméireachta 2020 a dhéanamh in ábhar amháin nó níos mó. Tosófar scrúduithe Ardteistiméireachta 2020 a cuireadh siar ar an Luan an 16 Samhain, faoi réir comhairle sláinte poiblí.

9. Ag déanamh staidéir taobh amuigh den scoil chun íosriachtanais iontrála nó riachtanais mháithreánaigh a shásamh

I roinnt cásanna, beidh staidéar déanta ag scoláirí ar ábhar nó ar ábhair taobh amuigh den scoil chun riachtanais mháithreánaigh nó bunriachtanais iontrála a shásamh d'institiúidí ardoideachais. Tá earnáil an ardoideachais solúbtha sa chur chuige atá aici maidir le riachtanais mháithreánaigh /bunriachtanais iontrála i gcás scoláirí na hArdteistiméireachta in 2020.

Tá comhlachtaí ionadaíoch na n-ollscoileanna agus na n-institiúidí teicneolaíochta go léir (na hinstiúidí ardoideachais) i ndiaidh cur chuige comhchoiteann a aontú maidir le scoláirí a bhfuil staidéar déanta acu ar ábhair don Ardteistiméireacht in 2020 taobh amuigh den scoil agus nach raibh ábalta Grád Ríofa a fháil sna hábhair sin.

In 2020, i gcás scoláirí a rinne iarratas ar Ghrád Ríofa in ábhar nó in ábhair san Ardteistiméireacht in 2020, ar mhaithe le máithreánach/bunriachtanais iontrála a shásamh agus ar scoláirí iad nárbh fhéidir le hOifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa Grád Ríofa a bhronnadh orthu in ábhar (ábhair), tabharfar díolúine do na scoláirí sin san ábhar (sna hábhair) chun críocha máithreánaigh/bunriachtanais iontrála agus chun na críocha sin amháin.

Tabharfar na díolúintí sin sa ghnáthchúrsa agus ní gá do scoláirí iarratas aonair a dhéanamh.

Déanfar an t-ábhar (na hábhair) a chur san áireamh mar ábha(i)r i gcomhair máithreánaigh ach ní bheidh aon phointí ag gabháil leo.

Ní fhéadfar feidhm a bhaint as an díolúine (na díolúintí) chun riachtanais bhreise a bhaineann le cláir a shásamh le cois na riachtanas maidir le máithreánach/bunriachtanais iontrála.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó oifigí iontrála na n-institiúidí ardoideachais ar leith.

10. Na Scrúduithe Ardteistiméireachta a reáchtálfar amach anseo a dhéanamh?

Fiú má roghnaigh tú Gráid Ríofa a fháil beidh deis agat fós an Ardteistiméireacht a reáchtálfar amach anseo a dhéanamh in ábhar amháin nó níos mó. Cuirfear tús le scrúduithe na hArdteistiméireachta ar an 16 Samhain faoi réir comhairle sláinte poiblí ag an am sin. Beidh na scrúduithe ar siúl sna tráthnónta agus ag an deireadh seachtaine. Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit sonraí breise maidir leis na scrúduithe sin ar fáil amach anseo. Ní fhéadfaidh scoileanna teagasc a chur ar fáil d'aon duine atá ag déanamh na scrúduithe sin i mí na Samhna mar go mbeidh na scoileanna i mbun teagaisc arís agus iad gafa le hoideachas a chur ar fáil dá scoláirí reatha.

11. Sonraí na scrúduithe scríofa

Is ar na scrúduithe scríofa, agus orthu sin amháin, a bheidh na scrúduithe Ardteistiméireachta a cuireadh siar bunaithe, (i.e. ní bheidh béaltrialacha ná scrúduithe praiticiúla san áireamh ach beidh obair chúrsa i gcúig ábhar a cuireadh i gcrích sular dúnadh na scoileanna i mí an Mhárta san áireamh). Níl sé indéanta ná praiticiúil ag an bpointe seo scrúduithe a reáchtáil i gcomhpháirteanna na mbéaltrialacha ná na scrúduithe praiticiúla, ná iarracht a dhéanamh obair chúrsa nach bhfuil críochnaithe a chur i gcrích. Is gnéithe scoilbhunaithe iad comhpháirteanna na mbéaltrialacha agus na scrúduithe praiticiúla, ar gá tacaíocht shuntasach a thabhairt dóibh ag leibhéal na scoile, lena n-áirítear an riachtanas múinteoirí atá i mbun a gcuid oibre a thógáil amach as a gcuid scoileanna chun obair a bhaineann leis na scrúduithe stáit a dhéanamh.

I gcás cúig cinn d'ábhair, déanfaidh CSS obair chúrsa a cuireadh i gcrích sular dúnadh na scoileanna a mharcáil freisin agus cuirfear na marcanna sin san áireamh agus na hábhair sin á ngrádú. Is iad sin:

- Eacnamaíocht Bhaile (atá marcáilte cheana féin ag CSS);
- Punann GCAT;
- Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide;
- An Tionscadal Gníomhaíochta Coirp don Chorpoideachas (PE);
- Innealtóireacht.

I ngach ábhar eile, bronnfar gráid ar na hiarrthóirí, ar gráid iad a bheidh bunaithe ar na páipéir scríofa agus orthu sin amháin.

Má roghnaíonn tú ábhar amháin nó níos mó a dhéanamh i scrúduithe athsceidealaithe na hArdteistiméireachta, léireoidh d'Ardteistiméireacht deiridh an toradh is fearr a bhain tú amach. Mar shampla:

- má dhéanann tú na scrúduithe a bheidh ar siúl amach anseo agus má fhaigheann tú grád atá níos ísle ná an Grád Ríofa a fuair tú san ábhar sin, taispeánfaidh do theastas an Grád Ríofa, mar gurb é sin an grád is airde.
- má fhaigheann tú grád níos airde sa scrúdú a reáchtálfar amach anseo, is é sin an grád a bheidh ar do theastas.

Ainneoin sin, tá sé tábhachtach go dtabharfá do d'aire nach mbeidh gráid ó na scrúduithe a reáchtálfar amach anseo ar fáil in am do phróiseas an CAO agus do phróiseas UCAS don bhliain acadúil 2020/2021.

12. Conas iarratas a dhéanamh chun na Scrúduithe i mí na Samhna a dhéanamh

Tugadh mar rogha do scoláirí Gráid Ríofa a fháil agus/nó scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta a dhéanamh amach anseo nuair a mheasfaí go mbeadh sé sábháilte sin a dhéanamh.

Fiú má roghnaigh tú Gráid Ríofa a fháil beidh deis agat fós an Ardteistiméireacht a reáchtálfar amach anseo a dhéanamh in ábhar amháin nó níos mó.

Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit sonraí maidir le conas iarratas a dhéanamh chun tabhairt faoi na scrúduithe scríofa ar fáil go luath.

13. Torthaí na nGrád Ríofa a chumasc le torthaí na scrúduithe scríofa

Má shocraíonn tú an scrúdú Ardteistiméireachta a cuireadh siar a dhéanamh, léireoidh d'Ardteistiméireacht deiridh na torthaí is fearr duitse.

Mar shampla:

- má dhéanann tú na scrúduithe a bheidh ar siúl amach anseo agus má fhaigheann tú grád atá níos ísle ná an Grád Ríofa a fuair tú san ábhar sin, taispeánfaidh do theastas an Grád Ríofa, mar gurb é sin an grád is airde
- má fhaigheann tú grád níos airde sa scrúdú a reáchtálfar amach anseo, is é sin an grád a bheidh ar do theastas

Ainneoin sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbeidh gráid ó na scrúduithe a reáchtálfar amach anseo ar fáil in am chun glacadh le háit san ardoideachas don bhliain acadúil 2020/2021.

14. Dátaí do thorthaí na scrúduithe scríofa

Níltear ag súil go mbeidh na torthaí ó scrúduithe na Samhna ar fáil roimh thús mhí Feabhra 2021 ar a luaithe. Ní bheidh na torthaí ar fáil in am chun tosú sa chéad bhliain in 2020/21.

15. Tacaíocht agus Treoir atá ar fáil do Scoláirí nuair a fhaigheann siad a gcuid torthaí.

Aithnítear nach mbeidh rang Ardteistiméireachta 2020 in ann cloí leis an traidisiún agus teacht isteach sa scoil chun na torthaí a cheiliúradh lena múinteoirí agus a gcomhscoláirí ar lá na dtorthaí mar a bhídis a dhéanamh sna blianta roimhe seo.

De bharr na gcúinsí uathúla a bheidh i bhfeidhm i gcás na scoláirí a gheobhaidh gráid ríofa in 2020, beidh scoileanna ábalta roinnt beart a chur i bhfeidhm chun tacú le scoláirí ar an lá agus sna laethanta ina dhiaidh sin. Aithnítear sna bearta sin an ról atá ag scoileanna maidir le scoláirí a chothú agus tacaíocht a thabhairt dóibh sna blianta a chaitheann siad san iar-bhunscoil.

Iarradh ar scoileanna tacaíocht a chur ar fáil do scoláirí ar bhealach oiriúnach ar an lá, trí chead a thabhairt do scoláirí teacht chuig an scoil ag am sceidealaithe, más mian leo sin a dhéanamh, agus prótacail COVID-19 agus sláinte agus sábháilteachta á leanúint, chun bualadh le baill den Fhoireann Tacaíochta, amhail Gairmchomhairleoirí, Cinn Bhliana, Teagascóirí agus Séiplínigh. Beidh roinnt beart sa bhreis á ndéanamh chun tacú le folláine na scoláirí a mbeidh na gráid ríofa á bhfáil acu.

- a. Beidh an líne chabhrach a sholáthraíonn Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí iar-bhunscoile (NPC-PP) ag 1800 265 165 ar fáil do scoláirí ó 11.00 am ar an 7 Meán Fómhair chun aon cheisteanna a bheadh acu a chur ar ghairmchomhairleoir. Beidh an líne chabhrach ag feidhmiú go dtí an Chéadaoin 16 Meán Fómhair, tar éis an chéad bhabhta de thairiscintí ón Lár-Oifig Iontrála (CAO) agus is gairmchomhairleoirí cáilithe a bheidh ina bun.
- b. Beidh soláthraithe seirbhíse FSS agus soláthraithe a fhaigheann cistiú ó FSS ar fáil chun tacú le scoláirí trí ríomhsheirbhísí meabhairshláinte a chur ar fáil. <https://www2.hse.ie/wellbeing/mental-health/covid-19/minding-your-mental-health-during-the-coronavirus-outbreak.html>
- c. Tá acmhainní folláine atá forbartha ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais ar fáil ag www.gov.ie/leavingcert
- d. Beidh líne chabhrach Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa (OFGR) ar fáil ag 1800 111135 nó 1800 111136 ó 9.00 am go dtí 4 pm ón Luan an 7 Meán Fómhair go dtí an Chéadaoin an 16 Meán Fómhair. Taobh amuigh de na huaireanta sin, féadfar ceisteanna a sheoladh ar ríomhphost chuig icsupport2020@education.gov.ie. Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfuil an líne chabhrach sin ar fáil i gcomhair ceisteanna a bhaineann leis na Gráid Ríofa agus leo sin amháin agus nach bhféadfar comhairle a chur ar fáil i dtaca le hábhair ar bith eile.
- e. Eolas ar fáil ón Lár-Oifig Iontrála (CAO) ag www.cao.ie

16. Conas a Oibríonn Próiseas na nGrád Ríofa.

Tá dhá chéim i gceist sa phróiseas a bhaineann le teacht ar ghráid ríofa:

- Céim scoilbhunaithe
- Céim chaighdeánaithe náisiúnta.

An chéim scoilbhunaithe.

Bhí 4 ghné ag baint leis an gcéim scoilbhunaithe:

1. Múinteoirí ag baint feidhme as a mbreithiúnas gairmiúil chun marc céatadán measta agus rang-ord ranga a chur ar fáil do gach scoláire i ngach ábhar.
2. Ailíniú na scoile ar na marcanna i leith gach ábhair trí ghrúpa ailínithe ábhair a chuimsíonn múinteoirí a bhfuil an t-ábhar á theagasc acu do scoláirí na hArdeistiméireachta.
3. Maoirseacht á déanamh ag príomhoide na scoile ar an bpróiseas ailínithe.
4. Tarchur na marcanna céatadán measta agus na rang-oird ranga i gcomhair caighdeánú náisiúnta.

Bhí córas srianta agus ceartúchán i bhfeidhm sa chóras a chinntigh gur cuireadh isteach na sonraí i gceart agus go cruinn. Chuir OFGR próiseas dearbhaithe cáilíochta a bhí chomh daingean agus chomh dian céanna i bhfeidhm nuair a fuarthas sonraí na scoileanna agus sa phróiseáil ina dhiaidh sin. Rinneadh tuilleadh seiceálacha, lena n-áirítear sampláil a dhéanamh ar chuid den pháipéarachas comhlánaithe ó scoileanna a roghnaíodh go randamach chun cruinneas a chinntiú.

Rinneadh gach iarracht Grád Ríofa a chur ar fáil don líon ba mhó scoláirí ab fhéidir, pé acu an foghlaimoírí taobh amuigh den scoil iad nó scoláirí a raibh ábhar amháin nó níos mó á ndéanamh acu taobh amuigh den scoil.

Ionas go mbeidh córas na nGrád Ríofa á fheidhmiú go hionraic, agus chun bheith cothrom le gach scoláire, ní féadfar glacadh le marc céatadán measta, bunaithe ar fhianaise atá iontaofa agus sásúil, ach amháin ó fhoinse chuí.

17. Cad is Caighdeánú Náisiúnta ann?

Is eard is brí le caighdeánú náisiúnta ná an próiseas trína dhéantar meastachán ar ghnóthachtaí ionchais i scrúduithe do gach scoláire, a ailíniú lena chéile ar bhonn ábhar agus leibhéal san ábhar. Tá an chothroime i gcoilár an chur chuige staitistiúil.

Is próiseas atriallach staitistiúil é an modh caighdeánaithe, agus fágann sé sin gur samhail í atá á forbairt le gach atriall. Foilseofar sonraí teicniúla an mhodh caighdeánaithe nuair a bheidh an próiseas tugtha chun críche.

Tá sé soiléir ón taighde nach mór breithiúnais múinteoirí, ar breithiúnais iad a rinneadh i gcomhthéacs gach scoile, a scrúdú agus a choigeartú ar leibhéal náisiúnta ionas go mbeidh siad inchomparáide trasna scoileanna éagsúla agus go gcuirfear comhchaighdeán náisiúnta i bhfeidhm.

Ní hionann cur chuige gach scoile i leith marcanna céatadáin measta a sholáthar ar son a gcuid scoláirí Cé gur cuireadh treoir shoiléir ar fáil do na scoileanna faoin tslí le claontacht a sheachaint sa phróiseas a bhain le marcanna scoláirí a mheas, ní féidir ach go raibh scoileanna áirithe ródhian agus scoileanna eile rófhlaithiúil ina gcuid meastachán. Bheifí ag súil leis sin mar nach bhfuil aon chaighdeán náisiúnta ann chun marc measta a bhunú air.

Déanann an próiseas caighdeánaithe na scoileanna a ailíniú trí chaighdeán náisiúnta a chur i bhfeidhm. Fágann sé sin go laghdófar marcanna measta áirithe agus go méadófar marcanna measta eile. Cinnteoidh an próiseas seo freisin go mbeidh an stádas céanna ag na torthaí a eisíodh in 2020 agus a bhí ag na torthaí a eisíodh sna blianta roimhe seo agus go mbeidh an stádas céanna acu leis na torthaí a eiseofar sna blianta amach romhainn.

18. An fáth nach féidir marcanna céatadáin measta na scoileanna a úsáid astu féin

Tá an cur chuige a glacadh maidir leis na gráid ríofa fréamhaithe sa taighde oideachais idirnáisiúnta, ar taighde é a léiríonn gur mó an seans go ndéanfaidh múinteoirí breithiúnais chruinne maidir le feidhmiú scoláirí i gcomhthéacs an-tábhachtach agus go bhfuil múinteoirí go maith ag rangú a gcuid scoláirí i gcóimheas lena chéile. Dá bhrí sin, iarradh ar scoileanna marc measta agus rang-ord a chur ar fáil do gach scoláire i rang-ghrúpa.

Meastar go bhfuil torthaí na hArdteistiméireachta ó aon bhliain ar leith comhionann leis na torthaí ó aon bhliain eile. Sin de bhrí go bhfuil na torthaí do gach bliain faoi réir próiseas caighdeánaithe náisiúnta trí na próisis mharcála a fheidhmíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit. I mbliana, déanann an próiseas caighdeánaithe náisiúnta na sonraí scoilfhoinsithe a chomhcheangal leis na sonraí stairiúla lena chinntiú go léireoidh na Gráid Ríofa caighdeán atá ailínithe i gceart ar fud scoileanna agus le caighdeán náisiúnta.

Trí réimse de chineálacha éagsúla eolais a bhailiú agus a úsáid, comhlánaíonn na foinsí éagsúla sonraí a chéile, chun an tacar torthaí is cruinne agus is cothroime a sholáthar taobh istigh de shrianta na sonraí atá ar fáil. De bhrí nach bhfuil na sonraí scoile cruinn ach amháin ag leibhéal na scoile, d'fhéadfadh sé go mbeadh na marcanna measta, agus dá réir sin na Gráid Ríofa, a chuirfear ar fáil do scoláirí, in aon ábhar agus ag aon leibhéal, níos airde nó níos ísle ná na meastacháin a chuir a scoil ar fáil. Cé go bhféadfaidh na meastacháin scoilbhunaithe bogadh suas nó síos, ní athrófar an rang-ord ranga a chuir an scoil ar fáil.

Is mar thoradh ar an bpróiseas caighdeánaithe sin a bheidh an seasamh agus an stádas céanna ag na Gráid Ríofa leis na gráid a tugadh san Ardeistiméireacht roimhe seo agus leis na gráid a thabharfar inti amach anseo. Mura ndéanfaí é sin, bhainfí d'inghlachtacht agus de luach na nGrád Ríofa.

19. Foilsiú eolais maidir le sonraí an phróisis caighdeánaithe

Beidh críoch curtha leis an bpróiseas caighdeánaithe go gairid roimh scaoileadh thorthaí na nGrád Ríofa, leis an bhfócas ag díriú ina dhiaidh sin ar an bpróiseas bailíochtaíthe deiridh agus ar an líon mór seiceálacha diana agus daingne a bhí le déanamh i dtaca le dearbhú cáilíochta atá riachtanach lena chinntiú gur cuireadh an próiseas i bhfeidhm ar bhealach a bhí cóir agus cothrom do gach scoláire.

20. Athruithe a rinneadh ar an bPróiseas Caighdeánaithe

Ba é an phríomhchúis a bhí le próiseas caighdeánaithe a chur i bhfeidhm ar chóras na nGrád Ríofa cothromas agus cothroime a chinntiú ar fud na scoláirí go léir. Bhí prionsabal seo an chothromais agus na cothroime mar bhuntaca le Cinneadh tosaigh an Rialtais ar an 8 Bealtaine 2020 córas Grád Ríofa a thabhairt isteach agus bhí sé mar threoirphrionsabal san obair go léir ar thug Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa fúithi.

Nuair a chuireann múinteoirí i scoileanna éagsúla marcanna measta scoile ar fáil d'iarrthóirí, tá siad ábalta a bheith an-chruinn agus scoláirí á rangú acu i gcóimheas lena chéile; mar sin féin, ní bhíonn siad chomh feasach céanna ar na caighdeáin ghnóthachtála i scoileanna eile agus go náisiúnta. Ní nach ionadh, níorbh ionann an cur chuige a bhí ag scoileanna éagsúla i dtaca le marcanna measta agus rang-oird. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh meastacháin á gcur ar fáil a bheadh rófhlaithiúil nó ródhian. Tá sé riachtanach caighdeánú a dhéanamh lena chinntiú go gcaitear go cóir agus go cothrom leis na hiarrthóirí a bhfuil gráid ríofa á bhfáil acu in 2020, i gcóimheas lena chéile.

Tá sé tábhachtach a thuiscint go rabhthas ag súil ón tús go n-athródh na marcanna measta a fuarthas ó scoileanna mar thoradh ar an bpróiseas caighdeánaithe. Chuir múinteoirí agus scoileanna na hÉireann marcanna measta agus rang-oird ar fáil le díograis i 786 scoil agus ionad, ach ní raibh obair den chineál sin déanta acu cheana féin. Cé go raibh múinteoirí i ngach scoil nó i ngach ionad eolach maidir le caighdeáin foghlama i measc a gcuid scoláirí féin, ní fhéadfaidís a bheith láneolach ar chaighdeáin i scoileanna eile ar fud na tíre. Ciallaíonn sé sin nach bhféadfaidís breithiúnais a bhí go hiomlán cruinn a dhéanamh maidir leis an gcaighdeán náisiúnta a bhaineann le gráid na hardteistiméireachta i gcás na n-ábhar go léir ag an ardleibhéal, ag an ngnáthleibhéal agus ag an mbunleibhéal.

Ina theannta sin, tá sé inmhianaithe a chinntiú go gcaitear go cothrom le hiarrthóirí i gcohórt 2020 a mbeidh na scrúduithe scríofa malartacha á ndéanamh acu i mí na Samhna, leo siúd a rinne na scrúduithe in 2019 nó a dhéanfaidh an scrúduithe in 2021 agus i mblianta eile. Trí mharcáil a bhí rófhlaithiúil a laghdú ina measc siúd a bhfuil gráid ríofa á bhfáil acu, agus trí mharcanna na scoláirí a ndearnadh marcáil ródhian orthu i meastacháin na múinteoirí a mhéadú, cinntíonn an caighdeánú go bhfuil inchomparáideacht áirithe idir na scoláirí a bhfuil gráid ríofa á bhfáil acu agus na scoláirí a bhfuil scrúduithe á ndéanamh acu.

Bhí sé i gceist sa phróiseas caighdeánaithe a cuireadh i bhfeidhm i ndiaidh chinneadh an Rialtais ar an 8 Bealtaine go mbainfí úsáid as líon de thacair sonraí lena chinntiú go gcaithfí go cothrom le hiarrthóirí i ngach ábhar agus ag gach leibhéal. I measc na dtacar sonraí sin bhí:

1. Na marcanna céatadáin measta agus rang-ord na scoláirí a chuir scoileanna ar fáil d'Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa.

2. Feidhmiú rang 2020 i Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí i ngach scoil, le húsáid ag leibhéal an ghrúpa seachas ag leibhéal an duine aonair.
3. Dáileadh stairiúil na scoile – bunaithe ar fheidhmiú stairiúil i Scrúdú na hArdteistiméireachta ag leibhéal na scoile ar fud 2017, 2018 agus 2019.
4. Sonraí Náisiúnta maidir le torthaí na hArdteistiméireachta do 2017, 2018 agus 2019 agus iad á nascadh ag leibhéal an scoláire leis na sonraí comhfhreagracha do thorthaí an Teastais Shóisearaigh i gcás na gcóirt scoláirí sin.
5. Dáileadh náisiúnta thorthaí na scoláirí do 2017, 2018 agus 2019 i gcás gach ábhair.

Ar an 1 Meán Fómhair cheadaigh an Rialtas go foirmiúil an próiseas críochnaithe chun Gráid Ríofa a tháirgeadh. Comhlíonfaidh an próiseas fós féin an príomhról atá aici, is é sin a chinntiú go ndéanann na gráid ríofa an éagothroime a d'fhéadfadh teacht chun cinn nuair a bhí caighdeáin éagsúla á gcur i bhfeidhm ag scoileanna éagsúla agus feidhmíocht scoláirí á meas acu a shocrú, agus é sin á dhéanamh trí na marcanna céatadán measta ó scoileanna a iniúchadh agus a choigeartú. Mar sin féin, d'aontaigh an Rialtas le roinnt coigeartuithe a mhol an tAire. Bhí a fhios ag an Aire go ndearnadh cáineadh i dtráchtairacht phoiblí faoi ghráid ríofa ar úsáid a bhaint as sonraí stairiúla gach scoile i dtaca le feidhmiú scoláirí i gcóirt na mblianta roimhe sin (tacar sonraí 3 thuas) agus gur líomhnaíodh i ndlínsí eile go raibh an baol ann go gcaithfí go míchothrom le scoláirí a d'fhreastail ar scoileanna atá faoi mhíbhuntáiste nó go mbeidís faoi réir “chrannchur an gcód poist”. Rinneadh cáineadh freisin ar choigeartú a bheith á dhéanamh ar bhreithiúnais scoileanna chun cloí go docht le hinchomparáideacht ó bhliain go bliain i gcaighdeáin náisiúnta na scrúduithe.

I bhfianaise a bhfuil thuas, mhol an tAire nach mbeadh sonraí stairiúla gach scoile maidir le feidhmiú scoláirí na scoile san Ardteistiméireacht sna blianta roimhe sin san áireamh sa tsamhail chaighdeánaithe chríochnaithe. Mhol sí freisin nach mbeifí ag brath an oiread sin ar dháileadh stairiúil náisiúnta thorthaí na scoláirí i gcás gach ábhair (tacar sonraí 5 thuas). D'aontaigh an Rialtas go ndéanfaí na coigeartuithe sin ar an tsamhail.

Mar thoradh ar na hathruithe, leagadh béim níos mó fós ar na marcanna céatadán measta a chuir na scoileanna ar fáil, cé go bhfuil gné theoranta de dháileadh sonraí stairiúla náisiúnta i gceist sa tsamhail chaighdeánaithe, chomh maith le feidhmiú cumaiscthe rang na hArdteistiméireachta in 2020 i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh i ngach scoil.

21. Conas an rachaidh an t-athrú sin i bhfeidhm ar an bpróiseas

Tá an próiseas caighdeánaithe críochnaithe agus gheobhaidh scoláirí a nGráid Ríofa aonair ar an 7 Meán Fómhair. Léireoidh na torthaí ón tsamhail go bhfuiltear ag cloí leis an sprioc atá ann tús áite a thabhairt do mheastacháin na scoile. Tá marcanna céatadán measta na scoile ag croílár na samhla agus is amhlaidh a bhí ón tús.

Is é a tháinig chun cinn ó fheidhmiú na samhla caighdeánaithe críochnaithe ná go mbeidh na torthaí níos láidre ná mar a bhí sna blianta roimhe seo, agus go mbeidh tionchair éagsúla le feiceáil ar fud ábhair agus leibhéil éagsúla. Mar sin féin, measann an Rialtas go bhfuil sé sin inghlactha i bhfianaise na gcúinsí eisceachtúla a bhain leis an mbliain i gcás scoláirí na hArdteistiméireachta.

Níl aon tionchair dhifreálacha á léiriú ag an tsamhail chríochnaithe in aghaidh scoileanna atá faoi mhíbhuntáiste. Go deimhin, is amhlaidh atá an bhearna ghnóthachtála cúngaithe i gcomparáid leis na blianta roimhe seo.

Ina theannta sin, cuirfidh an próiseas leis an ngealltanais a rinneadh go bhféadfaidh scoláirí a fheidhmíonn go maith i scoileanna nach bhfeidhmíonn go maith de ghnáth torthaí a bhaint amach atá os cionn ghnáthréimse na ngrád chomh fada agus gur léiríodh a bhfeidhmiú san eolas maidir leis na

leibhéal eatrainmh idir scoláirí a chuir na scoileanna ar fáil faoi mar atá leagtha amach sa *Treoir do Scoileanna*.